

Scagthástáil ailse putóige

An chéad chéim eile



Faisnéis i dteangacha agus formáidí eile

Chun tuilleadh faisnéise a fháil nó chun teacht ar an bhileog seo i dteanga nó formáid eile, téigh chuig:

www.nidirect.gov.uk/articles/bowel-cancer-screening


I gcás daoine atá bodhar nó a bhfuil lagú cainte orthu, féadfar Relay UK a úsáid.

Cuir glao ar ár líne chabhrach ar
18001 0800 015 2514.



Public Health Agency
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (local rate).
www.publichealth.hscni.net

Find us on:



Do thoradh tástála a mhíniú

Léirítear i do thoradh tástála gur gá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh. **Ní** chiallaíonn sé sin go bhfuil ailse ort, ach is amhlaidh gur aimsíodh rianta fola i do chac.

- Beidh fuil ina gcac ag thart ar thriúr as gach 100 duine a thástáiltear agus iarrfar orthu sainchleachtóir scagthástála a fheiceáil ansin. De na daoine sin, ní bheidh ailse ar naonúr as gach deichniúr a n-aimseofar fuil ina ngluaiseacht putóige.
- D'fhéadfadh fáis bheaga a dtugtar polaipí orthu nó riochtaí eile amhail haemaróidí (fíocas) a bheith ina gcúis le fuil i do chac.

Cad a tharlóidh ansin?

- Tairgfear coinne duit (féach an litir a ghabhann leis seo) chun dul faoi mheasúnú ag sainchleachtóir scagthástála. Is féidir gur coinne theileafóin a bheidh sa choinne sin.
- Déanfar an measúnú sin chun a chinntiú go bhfuil tú sách corpacmhainneach chun ionscópacht ar an drólann a fháil (féach thíos).
- Níor cheart go mairfeadh an measúnú níos mó ná 45 nóiméad.
- Cé nach gá duit do réim bia ná do réim cógas a athrú roimh an mheasúnú, ba cheart duit aon chógais a bhíonn á dtógáil agat a thabhairt leat chuig an choinne.
- Pléifidh an sainchleachtóir scagthástála do thoradh tástála leat agus míneoidh sé nó sí cé na tástálacha eile is féidir a dhéanamh. Tabharfar deis duit ceisteanna a chur nó aon ábhair imní atá agat a chur in iúl.
- Is féidir go dtógfar do bhrú fola agus go ndéanfar tástáil fola ort.
- Tar éis an mheasúnaithe, tabharfar cuireadh duit teacht ar ais chun tuilleadh tástálacha a dhéanamh. Is gnách go mbíonn ionscópacht ar an drólann ar cheann amháin de na tástálacha sin. Socrófar na tástálacha sin ag dáta agus ag am a bheidh oiriúnach duit.

- Míneoidh an sainchleachtóir scagthástála an gnáthamh ionscópachta ar an drólann duit agus tabharfaidh sé nó sí faisnéis i scríbhinn duit lena tabhairt abhaile.
- Mura féidir leat freastal ar an mheasúnú, tá sé tábhachtach go ndéanfa teagmháil leis an líne chabhrach saorghlao ar **0800 015 2514** a luaithe is féidir chun dáta agus am níos oiriúnaí a shocrú.

Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

- Le linn ionscópacht ar an drólann, úsáidtear ceamara an-bheag atá suite ar cheann feadáin thanaí chun an dochtúir nó an t-altra a chumasú do phutóg a chuardach le haghaidh polaipí nó comharthaí ailse.
- Uaireanta, tógtar sampla beag den phutóg lena scrúdú faoi mhicreascóp chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon chealla ailse ann.
- Amhail i gcás fhormhór na ngnáthamh leighis, tá an fhéidearthacht ann go dtiocfaidh aimhréidheanna aníos. I gcás gach 10,000 ionscópacht ar an drólann a dhéantar, is féidir go mbeidh fuil ann i thart ar 67 gcás agus go bpollfar an phutóg i níos lú ná 10 gcás. I gcás go dtarlóidh sé sin, beidh obráid ag teastáil i mbeagnach gach cás chun an poll a dheisiú. I gcásanna fíorannamha, is féidir le hionscópacht ar an drólann a bheith ina cúis le bás (tugtar le fios san fhianaise go dtarlaíonn sé sin uair amháin i ngach 10,000 cás). Míneoidh an sainchleachtóir scagthástála na tairbhí agus na rioscaí duit nuair a fhreastalóidh tú ar an mheasúnú.

Cad a tharlóidh i gcás go dtaispeánfar san ionscópacht ar an drólann go dteastóidh tuilleadh cóireála uaim?

- I gcás go dteastóidh tuilleadh cóireála uait, seolfar thú chuig an speisialtóir is cuí. I gcás go mbainfeadh polaipí le linn ionscópacht ar an drólann, mar shampla, is féidir go n-iarrfar ort freastal ar ionscópacht eile ar an drólann i gceann bliana nó laistigh de thrí bliana.
- Beidh an sainchleachtóir scagthástála in ann aon cheisteanna atá agat a fhreagairt nó aon ábhair imní atá agat a phlé nuair a fhreastalóidh tú ar an mheasúnú.